

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO**  
**MEASÚNÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAEILGE**  
**FÓMHAR 2020**

---

**OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE**

---

**Triail Chluastuisceana– 100 MARC**

---

**Thart ar 50 nóiméad don triail seo. Gach ceist a fhreagairt as gach Roinn. Do gach ceist cuir ‘tic ’ i mbosca amháin gach uair.**

---

**Líon na boscaí seo, le do thoil:-**

<b>Uimhir Scrúdaithe</b>	<b>Uimhir PPS</b>	<b>Uimhir Oide</b>

## **ROINN A: FÓGRAÍ**

Seinnfear trí fhógra sa Roinn seo. Seinnfear gach fógra díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

### **FÓGRA I**

1. Cá mbeidh an seimineár ar siúl?

I nGaeltacht Chiarraí.

I nGaeltacht Mhúscraí.

I nGaeltacht na nDéise.

I nGaeltacht Ráth Chairn.

2. Cén t-ábhar a phléifear ag an seimineár?

Ag múineadh lasmuigh den Ghaeltacht.

Tógáil leanaí trí Ghaeilge sa Ghalltacht.

Straitéisí do mhúinteoirí.

Tógáil leanaí sa Ghaeltacht.

3. Cé a thabharfaidh straitéisí óna dtaithí féin ag an seimineár?

Leanaí.

Saineolaithe.

Múinteoir.

2 tuismitheoirí.

4. Cén eagraíocht atá freagrach as Gaeilge a chothú sa chlann?

Glór na dTeaghlach.

Leanaí le Gaeilge.

Gaeloideachas.

Glór na nGael.

5. Céard atá le déanamh chun níos mó eolais faoin seimineár a fháil?

Ríomhphost a chur.

Litir a scríobh.

Glaó a chur.

Foirm a líonadh.

## FÓGRA II

1. Cén post atá fógartha ag Gnó Mhaigh Eo?

Oifigeach Forbartha.

Oifigeach Pleanála.

Oifigeach Riaracháin.

Rúnaí.

2. Chomh maith le Gnó Mhaigh Eo a chur chun cinn ag imeachtaí, céard eile a bheidh le déanamh ag an duine a cheapfar?

Freastal ar chruinnithe.

Glaonna fóin a dhéanamh.

Litreacha a scríobh.

A bheith gníomhach ar na meáin shóisialta.

3. Cén áit a mbeidh an duine a cheapfar ag obair?

I gCaisleán an Bharraigh.

Beidh solúbthacht ag an duine.

In Oifigí Ghnó Mhaigh Eo.

I gContae na Gaillimhe.

4. Céard é an dáta deireanach chun iarratas a chur isteach ar an bpost?

20 Meitheamh.

22 Meitheamh.

12 Meitheamh.

2 Meitheamh.

5. Céard a bheidh le déanamh ag iarratasóirí a ghlaoitear chuig agallamh, mar chuid den agallamh?

Cur i láthair agus scrúdú scríofa.

Amhrán a chanadh.

Litir a scríobh.

Dán faoi Ghnó Mhaigh Eo a léamh.

### FÓGRA III

1. Cén contae ina mbeidh Saoire Ghaeltachta Chonradh na Gaeilge ar siúl i mbliana??

Co. Chorcaí.

Co. Bhaile Átha Cliath.

Co. na Gaillimhe.

Co. Dhún na nGall.

2. Cén dáta a chríochnóidh an tsaoire?

3 Lúnasa.

13 Lúnasa.

30 Lúnasa.

31 Lúnasa.

3. Cén lá a bheidh an turas treoraithe ar siúl?

Déardaoin.

Dé hAoine.

Dé Sathairn.

Dé Domhnaigh.

4. Cé mhéad a chosnóidh an tsaoire?

200 euro.

2,600 euro.

206 euro.

260 euro.

5. Maidir le lóistín de, céard a chlúdaíonn praghas na saoire?

Leaba agus bricfeasta amháin.

Leaba, bricfeasta agus béilí.

Seimineáir agus Turais.

Seisiúin cheoil agus turais bháid.

## **ROINN B: COMHRÁITE**

Seinnfear trí chomhrá sa Roinn seo. Seinnfear gach comhrá díobh faoi thrí. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

### **COMHRÁ I**

1. Cén rang a bheidh ag Íde i mbliana?

Rang 3.

Na Naíonáin Shinsearacha.

Rang 6.

Rang 1.

2. Cén fáth a ndéanann Íde comhghairdeas le Liam?

Fuair sé duais ag an Tionól.

Fuair sé post buan.

Phós sé.

Fuair sé post sealadach.

3. Cén contae ina raibh Tionól Forbartha *Gaeloideachas* ar siúl anuraidh?

Co. an Chláir.

Co. Bhaile Átha Cliath.

Co. Chorcaí.

Co. Chiarraí.

4. Dar le hÍde, céard é an t-ábhar is mó a bhfuil spéis ag Liam ann?

Teicneolaíocht an eolais.

Corpoideachas.

Gaeilge.

Ceol.

5. Céard a dhéanfaidh Íde má fhaigheann sí eolas faoi thionól 2020?

Buailfidh sí le Liam.

Cuirfidh sí téacs.

Seolfaidh sí ríomhphost.

Cuirfidh sí glao.

**Ar lean →**

## COMHRÁ II

1. Conas go bhfuil a fhios agat gur thaitin *The Marian Finucane Show* le Caoimhín?

Rinne sé taifeadadh air.

Mothaíonn sé uaidh é.

Éisteannt sé leis ar an idirlíon.

Níor chaill sé an clár ach uair amháin.

2. Dar le Niamh, céard iad na tréithe ba mhó a bhí ag Marian Finucane?

Bhí cumas cainte inti.

Bhí sí álainn agus cliste.

Bhí sí gairmiúil agus bhí intinn an-ghéar aici.

Bhí sí cairdiúil agus éirimiúil.

3. Cén aois a bhí ag iníon Marian Finucane nuair a d'éag sí?

8 mbliana.

18 mbliana.

28 mbliana.

8 mhí.

4. Céard a d'fhoghlaim Niamh ó Raidió na Gaeltachta faoi Marian Finucane?

Gur chraol sí cláir Ghaeilge.

Gur fhreastail sí ar scoil Lán-Ghaeilge.

Gur fhreastail sí ar an nGaeltacht.

Go mbíodh sí ag obair le TG4.

5. Céard is ainm don scoil ar fhreastail Marian Finucane uirthi?

Scoil Mhuire.

Scoil na nAingeal.

Scoil Chaitríona.

Scoil Bhríde.

### COMHRÁ III

1. Cár fhág Dónal Úna?

Sa bhaile.

Le feighlí linbh.

Le banaltra.

Sa naíonra.

2. Céard a d'ordaigh Moya ón bhfreastalaí?

Cupán caife.

Cupán tae.

Píotsa.

Cáca milis.

3. Cathain a rinne Dónal an Cháilíocht sa Ghaeilge?

5 bliana ó shin.

Anuraidh.

13 bliana ó shin.

3 bliana ó shin.

4. Cén fáth a gceapann Moya go bhfuil S.C.G. níos oiriúnaí di?

Tá 'Teanga agus Cultúr' an-spéisiúil.

Tá sé níos éasca.

Tá níos mó litríochta air.

Tá sé níos taitneamhaí.

5. Chomh maith le Gaeilge a chleachtadh, cén moladh eile a thugann Dónal do Mhoya?

Éisteacht le Gaeilge.

Gaeilge a léamh.

Cúnamh a fháil ó mhúinteoir.

Gaeilge a labhairt.

## **ROINN C: MÍREANNA NUACHTA**

Seinnfear trí mhír nuachta sa Roinn seo. Seinnfear gach mír díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

### **MÍR NUACHTA I**

1. Cé mhéad duine atá tar éis clárú do ‘Fáilte ar Líne’?

Beagnach 60,000.

Beagnach 600,000.

Beagnach 6,000.

Beagnach 16,000.

2. Cathain a cuireadh tús leis na cúrsaí ar líne?

2019.

2018.

2020.

2009.

3. Cén post atá ag Mairéad Nic Giolla Mhichíl in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath?

Ollamh le Gaeilge.

Léachtóir sa Ghnó.

Ceann Scoil na Gaeilge.

Comhollamh sa Teicneolaíocht Faisnéise.

4. Chomh maith le hÉireannaigh nach bhfuil ina gcónaí in Éirinn, cén grúpa eile a bhfuil na cúrsaí oiriúnach dóibh?

Daoine ón Iodáil.

Polannaigh.

Éireannaigh atá ina gcónaí in Éirinn.

Daoine ón Spáinn.

5. Cé a thugann urraíocht do “Fáilte ar Líne”?

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Gaeloideachas.

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Institiúid Náisiúnta na Foghlama Digití.

**Ar Lean →**



## MÍR NUACHTA II

1. Cén comóradh ar Mháirtín Ó Cadhain atá ar siúl i mbliana?

550 bliain óna bhás.

50 bliain óna bhreith.

50 bliain óna bhás.

55 bliana óna bhreith.

2. Céard a bheidh á roinnt ar an gcuntas nua *Twitter*?

Foclóir agus frásaí.

Grianghraif.

Eolas beathaisnéiseach.

Sleachta ó leabhair Uí Chadhain.

3. Cén bhliain inar thosaigh Máirtín Ó Cadhain ag obair don Ghúm?

1947.

1917.

1937.

1927.

4. Cén ceantar ina mbíodh Máirtín Ó Cadhain ag obair don Ghúm?

Baile Átha Cliath.

Gaeltacht na Gaillimhe.

Gaeltacht Chorcaí.

Gaeltacht Chiarraí.

5. Cén eagraíocht a d'eagraigh an cuntas nua ar *Twitter*?

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

*Twitter.com*.

Acadamh Ríoga na hÉireann.

*Gaeloideachas*.

## MÍR NUACHTA III

1. Céard atá le feiceáil ar an léarscáil?

Fiadhúlra na hÉireann.

Bláthanna.

Crainn.

Daoine

2. Céard as don ealaíontóir?

Béal Feirste.

Doire.

Dún na nGall.

Muineachán.

3. Cén cháilíocht atá ag an ealaíontóir?

Céim san Fhiadhúlra.

Céim sa Ghaeilge.

Céim san Oideachas.

Céim sa Chumarsáid Físe.

4. Cén fáth a ndearna an t-ealaíontóir leagan Gaeilge den léarscáil?

D'iarr Ollscoil Uladh air é a dhéanamh.

D'iarr scoileanna air é a dhéanamh.

D'iarr Roinn an Fhiadhúlra air é a dhéanamh.

D'iarr a chuid páistí air é a dhéanamh.

5. Cá bhfuil an léarscáil ar díol?

Ar líne.

In Ollscoil Uladh.

I mBéal Feirste.

Sa Siopa Leabhar.